Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10361/26**

**SOC 385**
**EMPL 206**
**ECOFIN 800**
**UEM 277**
**COMPET 788**
**ENV 764**
**EDUC 259**
**ENER 410**
**JAI 845**
**GENDER 112**
**JEUN 154**
**SAN 493**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Ionchur maidir le gnéithe fostaíochta agus beartas sóisialta na moltaí tírshonracha: Moltaí i ndáil leis na beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúrtha agus bhuiséadacha i ngach Ballstát<br>- *Formheas* |

I gcomhthéacs phróiseas Sheimeastar Eorpach 2026, chuir an Coimisiún na tograí le haghaidh moltaí tírshonracha mar a leagtar amach in 9955/26 iad faoi bhráid na Comhairle an 3 Meitheamh 2026.

Scrúdaigh an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta na 27 ndoiciméad (ceann amháin do gach Ballstát). Mar gheall ar shrianta ama tar éis don Choimisiún pacáiste an earraigh a thíolacadh, rinneadh nóta cothrománach maidir le moltaí tírshonracha a tharraingt suas agus a phlé sna Coistí ábhartha (EMCO, SPC, EPC, EFC-A, EFC). Phléigh an Chomhairle Eorpach na moltaí tírshonracha comhtháite ar bhonn nóta cothrománach, rud a d’fhág go mbeifear in ann clabhsúr a chur ar Sheimeastar Eorpach 2026 ag an gcruinniú a bhí aici an 18-an 19 Meitheamh. Pléifear na gnéithe de na moltaí tírshonracha aonair a bhaineann go huathúil le comhlachtaí ullmhúcháin ECOFIN tar éis Chomhairle ECOFIN ar an 12 Meitheamh. Dá bhrí sin, ní hiad na leaganacha de na moltaí tírshonracha a liostaítear in 10247/26 na leaganacha críochnaitheacha.

Leagtar amach in 10247/26 liosta dréachtmholtaí do gach Ballstát, a d'eascair as an bplé a rinne EMCO, SPC agus EPC.

Iarrtar ar Coreper scrúdú a dhéanamh ar na dréachtmholtaí do gach Ballstát a liostaítear in 10247/26, d'fhonn a chur ar chumas na Comhairle (EPSCO) a hionchur maidir le gnéithe fostaíochta agus beartais shóisialta de na dréachtmholtaí ón gComhairle do gach Ballstát agus do na gnéithe a bhaineann le comhlachtaí ullmhúcháin EPSCO agus ECOFIN a fhormheas.

Glacfaidh an Chomhairle na moltaí tírshonracha comhtháite ag cruinniú na Comhairle (ECOFIN) an 10 Iúil 2026.